

An Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnda nó Mionlaigh
Cód Cúirtéise OCCS don Ghaeilge agus don Ultais

Réamhrá

Leagann an Cód Cúirtéise seo síos na nósanna imeachta atá le leanúint ag foireann OCCS agus iad ag plé le baill den phobal ar mian leo gnó a dhéanamh as Gaeilge nó as Ultais. Tá treoir ar Ghealltanais Rialtas na RA i leith na Gaeilge agus na hUltaise ar láithreán inlín RFS. Tá an Cód Cúirtéise seo ar fáil as Gaeilge agus as Ultais ar láithreán idirlín OCCS.

Caithfear amharac ar ilghnéitheacht teanga mar chomhshaibhreas cultúrtha. Tá gach aon duine i dteideal meas agus cúirtéis a fháil, a chlúdaíonn an teanga acu. Ba chóir gach iarracht a dhéanamh an meas seo a léiriú, fiú mura bhfuil sé indéanta plé leis an duine sa teanga is rogha leis/léi.

Ba chóir go mbeadh oifigigh ar an eolas maidir le forálacha sa Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnda nó Mionlaigh a bhaineanna leis an Ghaeilge agus leis an Ultais agus maidir leis na céimeanna atá beartaithe ag an oifig seo chun iad a chur i bhfeidhm.

Ainmneacha Pearsanta

De réir dlí, tá duine i dteideal aon ainm is mian leis nó léi a ghlacadh - as Béarla nó teanga ar bith eile. Má tá aithne go ginearálta air nó uirthi leis an ainm sin, tá sé bailí d'aitheantas dlíthúil. Mura bhfuil an cuma ar an scéal nach bhfuil aithne go ginearálta air nó uirthi leis an ainm sin, caithfidh an fhoireann aird a bheith acu ar mhianta dhuine ar bith ar mian leis/léi aithne a bheith air/uirthi leis an leagan Gaeilge/Ultaise dá (h)ainm, agus ba chóir an t-ainm sin amháin a úsáid sa ghnó oifigiúil. Ba chóir cúram a dhéanamh le héiginnteacht a sheachaint má tá aithne ar dhuine le hainmneacha Gaeilge/Ultaise agus Béarla araon. B'fhéidir go mbeidh sé úsáideach an dá leagan a thaifead ar chomhad.

Má chreideann oifigeach go bhféadfadh an duine atá i gceist a bheith ag baint úsáide as leagan Béarla den ainm fosta, thiocfadh leo an cheist seo a chur, *“Is this*

the form of your name you always use? I have to ensure that all your records are together”.

Má thugann duine a (h)ainm as Gaeilge nó as Ultais, mar shampla, agus má tá deacracht ag an oifigeach atá ag déileáil leis an duine an t-ainm a scríobh nó fiú é a rá, ba chóir dóibh iarradh ar an duine cuidiú leo é a litriú.

Má tá síneadh fada in ainm, níor chóir go mbeadh fadhb ar bith ann. Tá beagnach achan pacáiste ríomhaire ábalta déileáil leo seo¹.

Mar achoimre, tá cead ag duine aon leagan is rogha leis/léi dá (h)ainm a úsáid. Níor chóir an ceart seo a cheistiú riamh. Ba chóir gach iarrachta a dhéanamh ainm an duine a scríobh agus/nó a rá i gceart. Ná bíodh náire ort cúnaimh an duine sin a lorg.

Cruinnithe agus Agallaimh Pearsanta - Gaeilge

Má thosaíonn duine ag labhairt Gaeilge le comhalta foirne nach labhraíonn Gaeilge ba chóir duit é seo a mhíniú agus an rogha seo a leanas a thabhairt don duine:

- leanúint leis an agallamh/cruinniú as Béarla;
- tuairimí scríofa a thabhairt as Gaeilge;
- coinne a dhéanamh do chruinniú nuair a bheidh teangaire i láthair.

Má tá amhras ann, cinntigh gur Gaeilge atá á labhairt.

¹ Tig le gutaí i nGaeilge síneadh fada a bheith acu, ar nós an *accent aigu* sa Fhraincis. Murab ionainn leis an Fhraincis, áfach, baintear úsáid as síneadh fada i gceannlitreacha sa Ghaeilge. Nuair atá Microsoft Word in úsáid, is féidir síneadh fada a dhéanamh ach an eochair *Alt Gr* a bhrú agus ansin an guta atá i gceist. I gcás chinnlitreacha ba chóir an eochair *Shift* a bhrú fosta. Is féidir na litreacha sin uilig a fháil fosta ach an áis *Insert-Symbol* a úsáid. Úsáideann roinnt córais litrithe Ultaise aicinn chun infhilleadh a léiriú. Nuair atá Microsoft Word in úsáid, is féidir aiceann a dhéanamh ach an eochair *Alt Gr* a bhrú agus ansin an guta atá i gceist. I gcás chinnlitreacha ba chóir an eochair *Shift* a bhrú fosta. Is féidir na litreacha sin uilig a fháil fosta ach an áis *Insert-Symbol* a úsáid.

Má thugann duine réamhfhógra gur mian leo Gaeilge a labhairt, ba chóir teangaire a shocrú de ghnáth. Is féidir seo a dhéanamh trí Lársheirbhís Aistriúcháin NICS, guthán Brainse na nOibriúchán Teangeolaíochta (028.90.2.58979). Bheadh eisceacht ann don ghnáth-riachtanas teangaire a sholáthar i gcás agallamh earcaíochta, nuair nach bhféadfaí tástáil riachtanach ar scileanna cumarsáide as Béarla a dhéanamh i gceart mura mbeadh an Béarla mar mheán oibre an agallaimh.

Mura dtugtar fógra, ba chóir an rogha seo a leanas a thabhairt don duine -

- a bpointe a dhéanamh as Béarla
- tuairimí scríofa a thabhairt as Gaeilge.
- coinne a dhéanamh do chruinniú nuair a bheidh teangaire i láthair.

Má shocraítear cruinniú, déan cinnte faoi dhó roimh ré go bhfuil an teangaire ar fáil. Ná tabhair gealltanas de sheirbhís riamh nach dtig leat a sholáthar.

Cruinnithe agus Agallaimh Pearsanta – Ultais

Faoi réir spiorad na Cairte spreagtar ranna agus eagrais nasctha le soláthar a dhéanamh d'agallaimh agus cruinnithe Ultaise. Faoi láthair, áfach, ní féidir cruinnithe pearsanta in Ultais a sholáthar toisc go bhfuil deacrachtaí ann caighdeán cuí do theangairí a chunntiú. Is féidir tuilleadh comhairle a lorg trí Lársheirbhís Aistriúcháin NICS, guthán Brainse na nOibriúchán Teangeolaíochta (028.90.2.58979).

Glaonna Gutháin

Ní éilíonn an Chairt ach go nglacfaí le hiarratais béil agus iarratais as Gaeilge; níl aon dualgas ann freagairt as Gaeilge ach tig le foireann a bhfuil Gaeilge acu sin a dhéanamh. Cé nach n-éilíonn an Chairt go nglacfaí le hiarratais béil as Ultais, tugann sé seo an deis gníomh dearfach a dhéanamh chun an teanga a spreagadh agus a chothú faoi réir Chuid II den Chairt.

Má thosaíonn glaoiteoir an comhrá as Gaeilge nó Ultais tig leis an oifigeach freagra a thabhairt sa teanga sin [má tá Gaeilge nó Ultais acu] nó Béarla. Ba dheachleachtas é dá mbeadh aithne ar chomhaltaí foirne a bhfuil Gaeilge/Ultais acu sa dóigh is gur féidir glaoiteoirí ar mian leo Gaeilge/Ultais a labhairt a chur ar aghaidh chucu. Mura labhraíonn an t-oifigeach Gaeilge nó Ultais ba chóir dóibh é seo a mhíniú agus roghanna a thabhairt chun déileáil leis an ghlaoch. Tig leis na nathanna seo a leanas a bheith úsáideach:

“I am sorry I cannot answer you in Irish/Ulster Scots. But I can offer you the following options for dealing with your call. You may:

- *continue the call in English*
- *write to us in Irish/Ulster Scots*
- *transfer you to our voice mail where you can leave a message in Irish/Ulster Scots.”*

Chun dul i dteagmháil leis an **ghlórphost** glaogh ar - 028.90.2.58971 (Gaeilge)
028.90.2.58924 (Ultais).

Nósanna imeachta chun glórphost na mionteangacha a úsáid

Má dhéanann glaoiteoir i dteagmháil leis an lasc-chlár lárnach nó le ceantar aonair gnó ag tabhairt le fios gur mian leo gnó a dhéanamh as Gaeilge nó Ultais, ba chóir don oifigeach a fhaigheann an glaoch labhair leo as Gaeilge/Ultais má cheapann sé/sí gur féidir sin a dhéanamh. Munar féidir leo sin a dhéanamh, nó an glaoiteoir a chur ar aghaidh chuig cainteoir Gaeilge nó Ultaise ar an bhfoireann, ba chóir dóibh an glaoiteoir a chur ar aghaidh nó a dhíriú i dtreo an ghlórphoist cuí (féach thuas).

Déanann oifigigh i bBrainse na nOibriúchán Teangeolaíochta, an Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta monatóireacht ar an ghlórphost.

Aistreofar teachtaireachtaí a fhaightear láithreach nó cuirfear ar aghaidh do theangaire iad le haistriú.

Cuirfear fiosruithe aistrithe ar aghaidh chuig an roinn/oifigeach cuí le gníomh a dhéanamh.

TEACHTAIREACHT AR AN ÁIS GHLÓRPHOIST (AS GAEILGE AGUS AS ULTAIS)

“Fáilte go Stáitsheirbhís Thuaisceart Éireann. Más mian leat teachtaireacht a fhágáil beidh duine i dteagmháil leat a luaithe agus is féidir. Tig leat do theachttaireachta a fhágáil tar éis na bípe. Chun déileáil le do ghlaoch tá na t-eolas seo a leanas de dhíth orainn:

- D’ainm
- Do sheoladh
- D’uimhir ghutháin i rith an lae
- Ainm an duine ar mhaith leat dul i dteagmháil leo, má tá an t-ainm agat
- Ainm na roinne ar mhaith leat dul i dteagmháil leo, má tá an t-ainm agat.
- Nádúr an ghnó

Déanfaimid iarracht dul i dteagmháil leat a luaithe agus is féidir ach má tá práinn ar leith le do chuid gnó moltar duit dul i dteagmháil as Béarla leis an roinn ar leith go díreach.

Comhfhreagras – Gaeilge

Cuireann an Chairt iallach ar ranna glacadh le hiarratais scríofa as Gaeilge. n chuma ar an scéal, agus aistriúchán a chur san áireamh, nach mbeidh sé indéanta freagra substainteach a sholáthar sula mbíonn an spriocdháta cuí ann, ba chóir admháil a eisiúint ar an ghnáthbhealach, ag míniú go bhfuil an litir á haistriú agus go mbeidh an freagra substainteach ag teacht ina dhiaidh sin.

Ní chuireann an Chairt iachall ar ranna admháil nó freagra a thabhairt as Gaeilge do chomhfhreagras a fhaightear as Gaeilge.

Comhfhreagras – Ultais

Ní chuireann an Chairt iachall ar ranna glacadh le comhfhreagras scríofa as Ultais, mar sin féin bheadh sé ag teacht le spiorad na Cairte é sin a dhéanamh. Is féidir tuilleadh comhairle a lorg trí Lársheirbhís Aistriúcháin NICS, guthán Brainse na nOibriúcháin Teangeolaíochta (028.90.2.58979).

Seoltaí

Faoi réir an *Local Government (Miscellaneous Provisions) (Northern Ireland) Order 1995* is féidir le Comhairle Dúiche leagan d’ainm sráide a chur i dteanga eile in éineacht an ainm Bhéarla. Chun an t-eolas is déanaí maidir le hainmneacha sráide nach ainmneacha Béarla iad atá glactha ag Comhairlí Dúicha tabhairt cuairt ar http://www.osni.gov.uk/paper/dual_lang.html nó déan teagmháil leis an Suirbhéireacht Ordnaís (info@pointer-ni.gov.uk). Nuair atá ainm sráide dleathach Gaeilge nó Ultaise úsáidte ag duine ba chóir don fhoireann an leagan seo a úsáid agus freagra á thabhairt ar chomhfhreagras nó iarratais á bpróiseáil. Ba chóir an dá leagan a nótaíl ar an dtaifead oifigiúil.

Nuair is féidir go mbeidh páirtithe eile i gceist i.e. nuair a bheidh scrúdú le déanamh ar cháipéis, b’fhéidir (m.sh. ceadúnas tiomána) nó foilsithe (m.sh. iarratas pleanála) ba chóir an leagan Béarla den seoladh a thaispeáint chomh maith leis an leagan Gaeilge/Ultaise. Níl aon chosc ar leaganacha Gaeilge nó Ultaise a úsáid do chodanna eile de sheoladh m.sh. baile fearainn, baile, contae, tír.

Fiosruithe agus Monatóireacht

Ba chóir fiosruithe faoin dTreoir seo agus tuilleadh comhairle ar iarratais ar ghnó (béil nó scríofa) a dhéanamh as Gaeilge nó as Ultais a chur chuig John De Largy, Oifig Choimisinéir an Chiste Shóisialta fón.028 90897543.